CEARTÚCHÁIN

Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2019/216 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Eanáir 2019 maidir le cuótaí rátaí taraife a áirítear i sceideal EDT an Aontais a chionroinnt tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 ón gComhairle

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 38 Eagrán Speisialta Gaeilge an 8 Feabhra 2019)

Ar leathanach 18, Iarscríbhinn, Cuid A, tábla, líne 11 (a bhaineann le huimhir ordaithe 094166):

in ionad:

"Rís leathmheilte nó rís lánmheilte	t	25 516	OT	094166	88 %	22 442",

léitear:

"Rís leathmheilte nó rís lánmheilte	t	25 516	EO	094166	88 %	22 442".

Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2019/26 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Eanáir 2019 lena gcomhlánaítear reachtaíocht an Aontais maidir le cineálcheadaithe a mhéid a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 8 I/1 Eagrán Speisialta Gaeilge an 10 Eanáir 2019)

Ar leathanach 1, an teideal:

in ionad: "RIALACHÁN (AE) 2019/26 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 8 Eanáir 2019 lena gcomhlánaítear reachtaíocht an Aontais maidir le cineálcheadaithe a mhéid a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas",

léitear: "RIALACHÁN (AE) 2019/26 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 8 Eanáir 2019 lena gcomhlánaítear reachtaíocht an Aontais maidir le cineálcheadú a mhéid a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas".

Ar leathanach 2, aithris 6, an tríú habairt:

in ionad: "Dá bhrí sin, is gá cineálcheaduithe a thabhairt do mhonaróirí ceaduithe nua a fháil ó údaráis cineálcheadaithe na mBallstát seachas an Ríocht Aontaithe.",

léitear: "Dá bhrí sin, is gá cead a thabhairt do mhonaróirí cineálcheaduithe nua a fháil ó údaráis chineálcheadaithe na mBallstát seachas an Ríocht Aontaithe.".

Ar leathanach 2, aithris 8:

in ionad: "Chun an deimhneacht dhlíthiúil is gá a sholáthar do na geallsealbhóirí uile lena mbaineann agus chun cothrom iomaíochta a áirithiú do mhonaróirí, is gá coinníollacha is infheidhme sna Ballstáit uile a leagan síos ar dhóigh thrédhearcach.",

léitear: "Chun an deimhneacht dhlíthiúil is gá a sholáthar do na geallsealbhóirí uile lena mbaineann agus chun cothrom iomaíochta a áirithiú do mhonaróirí, is gá coinníollacha cothroma is infheidhme sna Ballstáit uile a leagan síos ar dhóigh thrédhearcach.".

Ar leathanach 2, aithris 9, ón tríú líne ar aghaidh:

in ionad: "[…] cineálacha sin ionas go bhfaighidh siad ceadú ó údarás Ballstáit seachas an Ríocht Aontaithe ná na ceanglais is infheidhme maidir le feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh nua a chur ar an margadh agus níor cheart na ceanglais is infheidhme maidir le cineálacha nua a bheith san áireamh.",